An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Collinstown Park Community College,
Clondalkin, Dublin 22
Roll number: 70041J

Dáta na cigireachta: 17 Samhain 2011

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	11 agus 17 Samhain 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Cruinniú leis na múinteoirí Gaeilge • Cruinniú leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach • Breathnú ar fhoghlaim agus ar theagasc i rith sé thréimhse ranga	• Idirghníomhaíocht leis na scoláirí • Athbhreithniú ar shamplaí d'obair na scoláirí agus ar shamplaí dá ndialanna scoile • Aiseolas do mhúinteoirí aonair • Aiseolas don phríomhoide, don phríomhoide tánaisteach agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí an-éagsúlacht i gcáilíocht na foghlama agus an teagaisc, le rang amháin an-mhaith, cúpla rang eile go maith agus cúpla ceann lag.
- Cé gur bhain gnéithe den scothchleachtas leis an obair sna ranganna ar fad, bhí na modhanna múinteoir-lárnach ina bhformhór.
- Bhí cúrsaí bainistíochta ranga éifeachtach agus tugadh an-mholadh do na scoláirí.
- Tá soláthar an-mhaith áiseanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ar fáil agus breathnaíodh samplaí éifeachtacha dá n-úsáid chun leasa na foghlama.
- Tá an soláthar ama don Ghaeilge ar an tráthchlár sásúil.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar na gnéithe scothchleachtais a breathnaíodh sna ranganna a roinnt agus a n-úsáid a leathnú trasna na roinne.
- Moltar go leagfaí plean gnímh amach, le straitéisí agus spriocdhátaí, chun ionchais na scoláirí maidir le foghlaim na Gaeilge a ardú agus chun tacú leis an aidhm cur le líon na scoláirí a thugann faoin ardleibhéal.
- Moltar pleananna don ábhar a leagadh amach in aghaidh gach téarma agus monatóireacht agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm.
- Moltar go mbeadh cuntas níos rialta á choimeád ag na múinteoirí ar dhul chun cinn na foghlama ina ranganna.

RÉAMHRÁ

Iarbhunscoil chomhoideachais is ea Collinstown Park Community College. Tá 629 scoláire dara leibhéal ar an rolla. Tá an Idirbhliain éigeantach sa scoil. Feidhmíonn an scoil faoi choimirce Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath agus tá sí páirteach sa scéim Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS).

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí an-éagsúlacht i gcáilíocht na foghlama agus an teagaisc, le rang amháin an-mhaith, cúpla rang eile go maith agus cúpla ceann lag.
- Modhanna teagaisc múinteoir-lárnach a bhí sa treis i bhformhór na ranganna. Ní mór béim a bheith ar na scoláirí a chumasú i labhairt na Gaeilge i ngach rang agus a muinín ina húsáid a fhorbairt.
- Breathnaíodh gnéithe scothchleachtais sna ranganna ar fad ach ní mór iad a dhaingniú, a fhorbairt agus a n-úsáid a roinnt agus a leathnú trasna na roinne. Orthu seo áirítear sampla de scileanna an fhoghlaimeora neamhspleách, samplaí den phiarfhoghlaim agus mar a rinneadh in os cionn leath de na ranganna, roinnt na dtorthaí foghlama leis na scoláirí ag an tús.
- I gcásanna áirithe, ní mór struchtúr níos cinnte a bheith ar na tascanna a tugtar do na scoláirí le déanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí trína rólanna a shainiú agus a chur in iúl dóibh, bearna eolais a bheith sa tasc, an teanga a bhíonn riachtanach a bheith ag na scoláirí chun an obair a dhéanamh i nGaeilge, agus nuair a bhíonn an t-am suas aiseolas a bhailiú.
- I roinnt cásanna, baineadh ró-úsáid as an aistriúchán go Béarla chun tuiscint a thabhairt do na scoláirí ar an ábhar. Bhí sé seo le léamh ina gcóipleabhair chomh maith.
- Breathnaíodh samplaí an-mhaith d'úsáid éifeachtach na teicneolaíochta chun tacú le foghlaim na scoláirí.
- Bhí cúram á dhéanamh de scileanna litearthachta na scoláirí a fhorbairt.
- Rinneadh bainistíocht éifeachtach ar iompraíocht na scoláirí agus tugadh an-mholadh dóibh as a n-iarrachtaí.
- Léiríonn athbhreithniú ar leibhéil rannpháirtíochta i scrúduithe teistiméireachta agus aithníonn na múinteoirí agus an bhainistíocht shinsearach go bhfuil scóip ann chun ionchais na scoláirí maidir le foghlaim na Gaeilge a ardú agus cur le líon na scoláirí a thugann faoin ardleibhéal sa dá shraith.
- Déantar monatóireacht rialta ar obair scríofa na scoláirí. Ba cheart aiseolas cuiditheach a thabhairt ar an obair scríofa ar bhonn rialta ionas go bhforbródh na scoláirí a dtuiscint ar a gcuid foghlama agus orthu féin mar fhoghlaimeoirí.
- Maidir le mionlach de na ranganna a breathnaíodh, moltar cúram a dhéanamh de chruinneas na n-eiseamlár a chuirtear os comhair na scoláirí.
- I gcás scoláirí a ghlacann páirt i gClár Scoile an Teastais Shóisearaigh, comhlíontar ráitis próifíle de réir a ndul chun cinn san fhoghlaim.

- Bhí dul chun cinn sásúil á dhéanamh ag scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí i gcomhlíonadh na n-eochair chleachtaí.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an méid ama atá ar fáil don Ghaeilge ar an tráthchlár agus dáileadh an dtréimhsí ranga le linn na seachtaine sásúil.
- Tá díolúine ón nGaeilge ag céatadán ard den rollachán ach spreagtar gach scoláire chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge.
- Tá soláthar an-mhaith áiseanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ar fáil sna seomraí rang agus tá soláthar maith acmhainní ar fáil.
- Mar a léirigh plean an ábhair, tacaíonn an bhainistíocht le rannpháirtíocht na múinteoirí Gaeilge i ndeiseanna forbartha gairmiúla. Ina theannta sin molann an bhainistíocht dóibh cleachtas a phlé agus a roinnt agus piarbhreathnóireacht a dhéanamh.
- Cuireann an roinn polasaithe obair bhaile agus measúnaithe na scoile i bhfeidhm. Moltar go leagfadh an polasaí measúnaithe amach go soiléir gur cuid den phróiseas measúnaithe é i gcás gach bliainghrúpa measúnú a dhéanamh ar chumas labhartha Gaeilge na scoláirí. Ina theannta sin, ba cheart do na múinteoirí cuntas a choimeád ar ghnóthachtáil na scoláirí sa scil seo chomh maith le trialacha eile.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá ról an chomhordaitheora nasctha le post freagrachta.
- Ba léir leibhéal an-mhaith agus oscailte comhoibrithe a bheith i measc na múinteoirí Gaeilge.
- Lasmuigh den ábhar a bhain le curaclam na Gaeilge féin, ba i mBéarla a bhí an plean don Ghaeilge scríofa. Moltar, ar mhaithe le tacú le húsáid na Gaeilge i measc na foirne agus pleanáil fhorbartha an ábhair i gcoitinne, go ndéanfaí socruithe cuí chun na gnéithe eile den phlean a chur ar fáil i nGaeilge.
- Bhain cáilíocht mhaith leis na pleananna fadtéarmacha. Moltar, áfach, go gcuirfí dhá cheannteideal eile san áireamh ar an teimpléad chun tacú lena bhfeidhmiú – monatóireacht agus athbhreithniú.
- Is thar dhá théarma atá na pleananna don ábhar leagtha amach. Moltar iad a leagadh amach thar trí théarma na scoilbhliana, rud a thacódh le monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn na foghlama a nascadh leis na hamanna sin ina reáchtáltar scrúduithe tí nó triailscrúduithe stáit.
- Ní mór do mhúinteoirí aonair na pleananna a chur in oiriúint dá ranganna aonair. Maidir leis na torthaí foghlama, ba cheart teanga a úsáid a chuirfidh in iúl a mbeidh na scoláirí ábalta a dhéanamh nó a mbeidh foghlamtha acu.
- Baineann cáilíocht mhaith le plean na hIdirbhliana ach d'fhéadfadh sé a bheith níos nuálaí. Moltar chomh maith go mbeadh níos mó béime ar an obair thionscnaimh a

dhéanamh trí Ghaeilge chun deis a thabhairt do na scoláirí aitheantas a fháil ar a gcuid oibre trí Ghaeilge agus a muinín in úsáid na teanga a fhorbairt.

- Bhí pleanáil agus ullmhúchán na hoibre do ranganna aonair go maith agus bhí áiseanna agus acmhainní oiriúnacha roghnaithe agus ullmhaithe le húsáid. Moltar go ndéanfaí difreáil ar an bhfoghlaim áfach tríd an ábhar a dháiltear ar scoláirí le linn ranga agus don obair bhaile chun a chinntiú go mbíonn dúshlán cuí san obair a bhíonn le déanamh acu.
- Ní raibh mórán fianaise ar fáil i ndialanna na múinteoirí maidir le gnóthachtáil in aon trialacha measúnaithe a bhí déanta ó thús na scoilbhliana reatha. Moltar go gcoimeádfadh na múinteoirí cuntas níos rialta ar dhul chun cinn na scoláirí.
- Mar chuid den phleanáil don ábhar, moltar go leagfadh an roinn, i gcomhar leis an mbainistíocht, plean gnímh le straitéisí agus spriocdhátaí amach chun ionchais na scoláirí maidir le foghlaim na Gaeilge a ardú agus chun tacú lena n-aidhm cur le líon na scoláirí a thugann faoin ardleibhéal.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Foilsithe Deireadh Fómhair 2012

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The Board considers this report to be an endorsement of teachers' hard work and commitment and commend the Gaeilge department.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

- to enhance the current subject plan by compiling a plan for three rather than two terms
- to continue to develop strategies/ set targets in order to raise students' expectations and the uptake of higher level
- to continue to develop strategies/ set targets in relation to encouraging students oral ability
- to extend timetabled oral exams to all year groups and to record student's oral work grades within the assessment policy of the school i.e. student reports
- to continue to develop and share all aspects of best practice, noted in this report, in order to further enhance the teaching and learning of Gaeilge in the school.